

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL
Athbhreithniú ar 2018

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as an gcomhshaoil a chaomhnú agus a fheabhsú mar acmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaoil a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta agus an truailithe. Tá ról lárnach againn maidir le faisnéis faoin gcomhshaoil a sholáthar, rialáil chomhshaoil a chur chun feidhme agus a bheith i mbun abhcóideachta don chomhshaoil.

FÍS

Comhshaoil glan, sláintiúil a bhfuil cosaint mhaith air agus a thacaíonn le sochaí agus le geilleagar inbhuanaithe.

AN MÉID A DHÉANAIMID

Eolas

Sonraí, measúnuithe agus fianaise ardchaighdeán spriocdhírthe thráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag saoránaigh, gnóthaí agus an Rialtas.

Rialáil

Córais ghéilliúntais éifeachtacha a chur chun feidhme i dtaobh rialála agus comhshaoil, chun dea-thorthaí do dhaoine agus don chomhshaoil a bhaint amach, agus chun díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

Abhcóideacht

Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, sláintiúil agus a bhfuil cosaint mhaith air agus obair a dhéanamh ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe.

CONAS A DHÉANAIMID É

Monatóireacht agus Measúnú

Taighde agus Saineolas

Faisnéis atá Tráthúil & Inrochtana

Ceadúnú

Forfheidhmiú

Treoir

Comhpháirtíocht agus Líonrú

Múscailt Feasachta

Iompraíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

Príomhstaidreamh

INFORMATION

1,061,411

seisiún ar www.epa.ie

37,600+

leanúnaí ar shuíomh Twitter GCC

6,852

gearán comhshaoil a tuairiscíodh (3,200 tríd an bhfeidhmchlár An bhfeiceann tú é? Abair é? ; 1,606 tríd an Líne Náisiúnta Gearán Comhshaoil; 2,046 díreach chuig GCC, lena n-áirítear 897 a bhain le sealbhóirí ceadúnais)

2,200+

ceist faoin gcomhshaoil ón bpobal

249

tacar sonraí uaslódáilte chuig data.gov.ie (21,614 amharc san iomlán)

110

iarratas ar fhaisnéis (63 hiarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil agus 47 n-iarratas Saorála Faisnéise)

 **epaResearch**
Climate - Water - Sustainability
Identifying pressures • Informing policy • Developing solutions


32

thuarascáil taighde foilsithe:
Uisce (8); Aeráid (14);
Inbhuanaitheacht (10)

 **Good Waste**
CHARTER
FOR
IRELAND
WASTE REDUCTION BY 2020

Shínigh 5 phríomh-mhiondíoltóir (a chuimsíonn **70%** de mhargadh grósaeireachta na hÉireann) an Chairt um Chosc ar Chur Amú Bia

Struchtúr Eagraíochtúil - Feabhra 2019



— 2018 in Uimhreacha

LICENCES

94

ceadúnas comhshaoil eisithe

72

leasú teicniúil curtha i gcrích

103

ceadúnas radaíochta eisithe (74 hathnuachan; 29 gceadúnas nua) agus 952 leasú teicniúil eisithe

39

gconclúid maidir le fógraí fotháirge Alt 27

1

Chritéir dheireadh dramhaíola comhaontaithe maidir le poileitilín ísealdlúis (LDPE)

ENFORCEMENT

315

cuairt ar láithreáin fhuíolluisce uirbeacha agus 61 cuairt ar láithreáin uisce óil

1,530+

cuairt ar shaoráidí tionsclaíocha, dramhaíola, agus ar shaoráidí dumpála ar farraige agus comhdhúil sho-ghalaithe orgánach (VOC)

28

n-ionchúiseamh a fuair éisteacht

102

iniúchadh ar Shealbhóirí Ceadúnais Raideolaíocha

6

Threoir um Uisce Óil eisithe d'Uisce Éireann

15

shuíomh ar an liosta Suíomhanna Tosaíochta Náisiúnta um Fhorfheidhmiú in 2018; ba iad na hearnálacha agraibhia agus dramhaíola a chuimsigh formhór na suíomhanna ar an liosta

Spríocanna Straitéiseacha don tréimhse 2016-2020

Spríocanna

Cuspóirí

Torthaí

An méid a bheidh bainte amach againn faoi 2020

Rialtóir Iontaofa Comhshaoil

Cinntiú go ndéanfar forbairt leanúnach ar chur chuige rialaitheach atá comhréireach agus éifeachtach..

Ailíniú a dhéanamh ar acmhainní GCC chun go mbeadh idirghníomhaíochtaí spriocdhírithe agus chun rioscaí comhshaoil a laghdú.

- Cur chuige sofhreagrach rialaitheach atá bunaithe ar rioscaí agus a chuireann páirtithe leasmhara san áireamh agus a chosnaíonn an comhshaoil agus daoine.
- Rioscaí laghdaithe comhshaoil ag áiseanna rialáilte an GCC trí hidirghabhálacha saincheaptha agus trí chinntiú go mbíonn forálacha cuí airgeadais i bhfeidhm.
- Baint amach soláthair agus bainistíochta feabhsaithe uisce agus bonnagar uisce

Ceannaire sa bhFianaise & san Eolas Comhshaoil

Acmhainn eolais, scileanna, saineolais agus láithreachta réigiúnach GCC a **bhaint amach** mar phríomhacmhainní náisiúnta do chosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine.

Dlús a chur le soláthar tráthúil agus oiriúnaithe faisnéise chun riachtanais shainiúla páirtithe leasmhara a chomhlíonadh.

- Measúnuithe comhshaoil níos tráthúla atá bunaithe ar fhianaise le cur le beartais agus cinnteoireacht go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.
- Soláthar feabhsaithe eolais ar an gcomhshaoil do pháirtithe leasmhara, agus é ar líne, cothrom le dáta agus inrochtana.
- Clár taighde a dhíríonn ar bhearnaí eolais agus a chabhraíonn le réitigh ar fhadhbanna comhshaoil nua agus casta a aithint.

Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach

Neartú chumas agus acmhainn an GCC tionchar a imirt, abhcóideacht a dhéanamh agus oibriú le comhpháirtithe lena fíis agus a sainordú chun an comhshaoil a chosaint a bhaint amach.

Caidreamh a bhunú leis an bpobal faoi chosaint agus fheabhsú an chomhshaoil.

Feasacht níos fearr ar thionchar cháilíocht an chomhshaoil ar shláinte an duine a **chur chun cinn**.

- Deiseanna spriocdhírithe le tosaíochtaí comhshaoil agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú le beartais earnála, eacnamaíocha agus sóisialta.
- Clár rannpháirtíochta pobail a fhorbairt chun feasacht ar cheisteanna comhshaoil a mhéadú agus tacú le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint an chomhshaoil.
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile chun tairbhí dea-chomhshaoil don tsláinte agus don fholáine a bhaint amach.

Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil

Dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le cáilíocht fheabhsaithe uisce agus aeir a chur ar fáil in Éirinn.

Caidreamh a bhunú le comhpháirtithe straitéiseacha eile chun freagraí náisiúnta iomlánaíocha don athrú aeráide a fhorbairt.

Feabhas a dhéanamh ar an gcreat cosanta radaíochta in Éirinn.

Caidreamh a bhunú le comhpháirtithe straitéiseacha chun rialú éifeachtach an earnáil dhramhaíola a bhaint amach.

- Struchtúir éifeachtacha agus láidre a chur i bhfeidhm chun uisce níos fearr a chur ar fáil.
- Rúnaíocht athrú aeráide údarásach a thacaíonn leis an gComhphlé Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide /leis an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide agus leis an aistriú náisiúnta chuig sochaí agus geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.
- Bearta náisiúnta níos treise um forfheidhmiú dramhaíola chun daoine agus an comhshaoil a chosaint.
- Na creata um cháilíocht aeir agus cosaint ar radaíocht a neartú chun daoine agus an comhshaoil a chosaint tuilleadh.

Ar Fheabhas go hEagraíochtúil

Forbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ár n-eagraíocht a ailíniú chun na torthaí comhshaoil is fearr a bhaint amach.

Díriú ar fhorbairt agus chur chun cinn na sláinte, na folláine agus na sábháilteachta ag an obair san eagraíocht.

Cultúr ceannaireachta, leasúcháin agus nuálaíochta a **chur chun cinn**.

- Ár bhfeidhmeanna agus acmhainní a ailíniú ar mhaithe le bheith sofhreagrach agus bheith in ann dul in oiriúint do dhúshláin nua.
- Teagmháil leis an bhfoireann go léir chun timpeallacht thacúil a chruthú san ionad oibre.
- Cumas feabhsaithe i réimse an athraithe eagraíochtúil agus in úsáid TFC le tacú le hathchóiriú agus nuálaíocht.

Athbhreithniú ar an mBliain 2018

Athrú Aeráide


Cibé bealach a mheasann tú é, ba bhliain urghnách í 2018. Mheabhraigh an nádúr dúinn arís cé atá i gceannas: tá an t-athrú aeráide linn anois agus beidh tionchar aige ar gach éinne. Is é an t-athrú aeráide an dúshlán comhshaoil is mó atá os ár gcomhair mar náisiún, rud a dheimhnigh ollshuirbhé náisiúnta GCC i Samhain. Aithníonn os cionn trian de na daoine fásta (37%) gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá os comhair na tíre agus luann 61 faoin gcéad é i measc na dtrí cheiste is práinní a mbeidh orainn dul i ngleic leo. Cé gur laghdaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa Éireann beagáinín in 2017, léiríonn réamh-mheastacháin GCC nach mbainfidh Éire amach, ar a mhéad, laghdú aon faoin gcéad roimh 2020 i gcomparáid leis an sprioc laghdaithe AE de 20 faoin gcéad.

Tá rogha le déanamh anois againn faoi cad is gá dúinn a dhéanamh chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a bhaint amach. Tacaíonn an GCC le cur i bhfeidhm, monatóireacht agus measúnú gníomhaithe ar son an chomhshaoil trí hastaíochtaí agus réamh-mheastacháin gháis cheaptha teasa a chomhthiomsú, astaíochtaí ó na hearnálacha tionsclaíocha a rialú agus taighde san eolaíocht aeráide a chur chun cinn.

Beidh impleachtaí ag an aistriú is gá a dhéanamh chun Éire ísealcharbóin a bhaint amach ar an mbealach a theasaímid ár dtithe, an bealach a thaistealaímid, an bealach a tháirgimid bia, agus ar an mbealach a chosnaímid ár bhfolláine agus ár dtimpeallacht. Féadfaidh taighde cabhrú linn todhchaí inbhuanaitheach agus fholláin a bhaint amach. Díríonn Clár Taighde GCC isteach ar bhearnaí eolais agus cuireann sé bonn fianaise ar fáil do lucht déanta beartais sa rialtas. In 2018, bhronn an GCC €12.2 milliún chun clár taighde chomhshaoil nua a mhaoiniú, go leor acu bainteach le ceisteanna aeráide.

Is bealach maith chun idirghabhálacha rialtais a nascadh le tionscnaimh phobail áitiúla é an Comhphlé Náisiúnta um

Tuairimí an Phobail: Na fadhbanna comhshaoil is práinní atá os comhair na hÉireann inniu



Ghníomhú ar son na hAeráide, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann arna éascú ag an GCC. Dearadh é chun daoine a spreagadh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. In 2018, reáchtáil an Comhphlé Náisiúnta a chéad dhá Thionól Réigiúnach, in Áth Luain agus i dTrá Lí. Chuir na Tionóil ardán ar fáil do dhaoine chun a gcuid tuairimí a roinnt faoi na príomhdhúsláin atá os comhair na hÉireann ó thaobh an athraithe aeráide de. Chomh maith leis sin, d'eagair GCC dhá léacht poiblí ar eolaíocht an athraithe aeráide, ar féidir breathnú orthu ar epa.ie.

Go hidirnáisiúnta, i mí na Nollag rinne na Páirtithe do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide leabhar rialacha a chur le chéile chun Comhaontú Pháras 2015 a chur i bhfeidhm. Chomhaontaigh siad freisin scrúdú foirmeálta a dhéanamh ar thorthaí Tuarascála Speisialta ar Théamh Domhanda 1.5° C ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.


Rannpháirtíocht Saoránach

Aithníonn móramh mór de dhaoine fásta in Éirinn (86%) an tábhacht a bhaineann lenár gcomhshaoil mar acmhainn don tír. I suirbhé náisiúnta a rinne an GCC in 2018, d'aithin na freagróirí an t-athrú aeráide, dramhaíl, cáilíocht uisce agus truailliú ar na dúshláin is mó a mheasann siad a bheith os comhair na tíre.

Tá ról tábhachtach ag an GCC maidir le feasacht a mhúscaill agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a mhéadaíonn rannpháirtíocht saoránach i gceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaoil. In 2018, chuir an GCC agus An Taisce an clár eolaíochta sluafoinsithe GLOBE i gcrích i gcomhpháirt lena chéile. Ghlac trí scoil déag páirt sa bhfeachtas um uile-Eorpaigh um cháilíocht aer earraigh. Fuair cúig cinn de na scoileanna tacaíocht ón GCC chun a dtaighde a chur i láthair ag GLOBE Learning Expedition, comhdháil idirnáisiúnta do dhaltai scoile agus a múinteoirí ó 40 tír a eagraíodh i gCill Áirne mí Iúil seo caite.

I rith na bliana, sheol an GCC [acmhainn ghréasáin d'Eolaíocht Shluafoinsithe](#) chun eolas a chur ar fáil faoi thionscnaimh náisiúnta. Féadfaidh acmhainní gréasáin, agus formáidí amhail grafaic faisnéise, sonraí casta a mhíniú trí hamharcscéalaíocht, rud a thacaíonn le modhanna tuairiscithe níos foirmeálta. I measc na n-acmhainní a úsáideadh in 2018 bhí an acmhainn gréasáin maidir le [Staidreamh Náisiúnta Dramhaíola](#) agus an ghrafaic

Tuairimí an Phobail: Is acmhainn luachmhar do phobal na hÉireann an comhshaoil



faisnéise faoi ábhair amhail roghanna faoi chóras teasa sa bhaile agus an tionchar a bhíonn acu, chomh maith le comhdhéanamh dramhaíola tí.

Braitheann comórtas GCC Scéal do Chuid Rudaí ar an amharcscéalaíocht freisin. Don dara bhliain as a chéile, iarradh ar dhaltai scéalta a chur isteach faoi shaolré earra a úsáidtear gach lá faoin téama ginearálta 'inbhuanaitheacht'. Pléadh na scéalta gach rud ó bhuataisí rubair go rothaí. D'inis an físeán a bhuaigh scéal faoi ghuma coganta.



Rannpháirtithe ó Choláiste Pobail Lorcáin, Baile Átha Cliath, ag GLOBE Learning Expedition i gCill Áirne i mí Iúil

An Comhshaol agus an tSláinte

Cé go gcomhlíonann Éire i gcónaí na caighdeáin dhlíthiúla maidir le cáilíocht aer, léiríonn na tuarascálacha bliantúla is déanaí a d'fhoilsigh GCC maidir le Cáilíocht Aer gur sháraigh an truailliú aer i roinnt áiteanna cuid de na treoir-luachanna is déine maidir le sláinte atá leagtha síos ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

Faoi nGClár Náisiúnta um Monatóireacht ar Cháilíocht an Aer Chomhthimpeallaigh 2017 - 2022, mhéadaigh líon na stáisiún monatóireachta beagnach faoi dhó in 2018 (ó 19 in 2017 go 45). Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag cur le cumas agus le hacmhainneacht an líonra cáilíochta aer chun eolas níos cuimsithí agus níos logánta atá comtháite leis an gcomhairle sláinte poiblí a chur ar fáil ar líne.

Caithfear dul i ngleic leis na roghanna a dhéanaimid maidir le teas sa bhaile agus iompar. Bíonn tionchar díreach ag an dá rud sin ar leibhéal an truaillithe san aer, agus ar shláinte agus ionchas saoil dhaoine. Go deimhin, léiríonn taighde a foilsíodh in 2018 agus a mhaoinigh an GCC gur tharla meath i gcáilíocht an aer i gceantair uirbeacha de bharr an aistrithe a rinne teaghlaigh ó bhreoslaí iontaise, amhail guail, chuig bithbhreoslaí. D'fhoilsigh an GCC graific faisnéise dar teideal [Do Theach a Théamh](#) a léiríonn an tionchar a bhíonn aige sin ar cháilíocht an aer agus ar shláinte.

Léiríonn taighde GCC a cuireadh i gcrích in 2018 go bhfuil baint ag an ngás radaighníomhach radón le thart ar 300 cás d'ailse scámhóg in Éirinn gach bliain. Is é tiúchan radóin inár dtithe cónaithe an chúis is mó, seachas caitheamh tobac, go bhfaigheann daoine bás ón ailse scámhóg agus tá thart ar 500,000 duine ina gcónaí i dtithe ina bhfuil tiúchan radóin ann a sháraíonn na leibhéil inghlactha. Chun dul i ngleic leis an radón mar ghuais don tsláinte phoiblí, tá an GCC ag obair i gcomhar leis an Rialtas chun an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a leathnú amach, clár a bunaíodh in 2014.

Uisce

Léiríonn tuarascálacha an GCC ar cháilíocht uisce a foilsíodh in 2018 gur mheath cáilíocht an uisce in uiscí na hÉireann idir 2015 agus 2017, d'ainneoin roinnt feabhsúcháin. Tá ár n-uisc is glaine á gcailliúint againn agus ní mór tuilleadh airde a thabhairt ar chosaint uiscí nach bhfuil millte.

Léiríonn an rath a bhí orainn maidir le dul i ngleic le diantruailliú agus maidir le slad ar éisc a laghdú gur féidir athruithe dearfacha a dhéanamh. Tá acmhainní breise suntasacha curtha ar fáil ag an Stát chun tacú le gníomhaithe áitiúla a thugann aghaidh ar thruailliú uisce. Leanfaidh an GCC ar aghaidh lena ngníomhartha féin agus é ag cur eolaíochta agus fianaise ar fáil chun tacú le gníomhartha áitiúla agus trí thuairiscíú go rialta ar an dul chun cinn atá déanta.

De bharr nach gcóireáltair uisce dramhaíola i gceart tá dochar á dhéanamh dár n-aibhneacha agus d'uisc an chósta. Ag foilsiú na tuarascála is déanaí ar Choireáil Dramhuisce Uirbigh i nDeireadh Fómhair, chuir GCC béim ar an bpointe nach raibh Éire ag tabhairt aghaidhe tapa go leor ar easnaimh sa bhonneagar cóireála dramhuisce. Theip ar an gcóireáil i 28 de 179 mórbaile na hÉireann na caighdeáin a chomhlíonadh atá leagtha síos chun truailliú a chosc agus chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Léirigh measúnuithe a foilsíodh i dtuarascáil bhliantúil GCC ar Uisce

Ceadúnú agus Forfheidhmiú

Tá ról GCC i rialú comhshaoil astaíochtaí tionsclaíocha, diantalmhaíochta, dramhail agus acmhainní, dumpáil ar farraige, agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe bunaithe ar chinntí maidir le ceadúnais. In 2018, mhéadaigh an líon cinntí a eisíodh d'iarraitaí ar cheadúnais thionsclaíocha agus dramhaíola i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Cuireadh córas nua ceadúnaithe suas ar an idirlíon freisin, agus tá deireadh tagtha anois le láimsheáil páipéir don chuid is mó sa phróiseas ceadúnaithe a bhaineann le mórthionscal agus dramhail.

Arna sheoladh in 2017, is uirlis fhorfheidhmithe thábhachtach é córas Náisiúnta GCC um Shuíomhanna Tosaíochta le haghaidh Forfheidhmithe chun comhlíontacht chomhshaoil a chur i bhfeidhm ag saoráidí tionsclaíocha agus dramhaíola. Dírionn an GCC isteach ar shealbhoirí ceadúnais nach gclóíonn leis na caighdeáin chomhshaoil agus glacann sí gníomhartha forfheidhmithe breise más gá. Tharraing foilsiú liosta na Suíomhanna Tosaíochta Náisiúnta aird ar shaoráidí neamh-chomhlíontacha.

EANÁIR



Acmhainn gréasáin nua GCC maidir le Staidreamh Náisiúnta Dramhaíola <http://www.epa.ie/nationalwastestatistics/>

Staidéar ESRI maoinithe ag an GCC: léirigh sé nasc láidir idir nochtadh do radón agus diagnóis ailse scámhóg in Éirinn



Foghlaimíonn daltaí faoi cháilíocht aer tríd an eolaíocht shluafoinsithe ag Taispeántas na Scoileanna Glasa atá urraithe ag an GCC

MÍ FEABHRA

MÍ AN MHÁRTA

Eisíonn an GCC comhairle d'úinéirí toibreacha príobháideacha ar imir Stoirm Emma tionchar orthu



Léiríonn figiúir GCC gur méadaigh na hastaíochtaí ó thrí cinn de na cúig phríomhthruailléan aer



AIBREÁN



Tuairiscíonn an GCC gur laghdaigh astaíochtaí in 2017 ó shaoráidí atá mar chuid de Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, den chéad uair ó 2013

BEALTAINÉ



Geo-Uirlis nua chun cabhrú le caomhnú an nádúir in Éirinn. Arna fhorbairt ag an GCC i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Tuarascáil Uisce d'É



Clár maoiní Ghlasa G "Nuálaíocht" Geilleaga

Snámha gur theip ar sheacht dtrá na caighdeáin a chomhlíonadh. Bíonn níos mó brú ar thránna uirbeacha ná ar thránna atá faoin tuath. Cé go bhfuil 'ardchaighdeán' cáilíochta ag beagnach trí cheathrú d'uisce snámha na hÉireann, féadfaidh na húdaráis áitiúla, Uisce Éireann, gnólaictaí agus úinéirí tí a thuilleadh a dhéanamh chun fáil réidh leis na foinsí éillithe baictéaracha agus chun a chinntiú go ndéantar dramhuiscé éillithe a bhailiú agus a chóireáil mar is cuí sula scaoiltear isteach sa timpeallacht é.

Idir an dá linn, dheimhnigh an GCC sa Tuarascáil bhliantúil ar Uisce Óil go gcomhlíonfaidh an t-uisce óil na caighdeáin AE reatha roimh 2020, 16 bliana tar éis an spriocdháta chomhlíontaigh. Cé go bhfuil caighdeán ard i gcónaí ar cháilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí agus go bhfuil formhór ár soláthairtí sábháilte, caithfear tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun feabhas a chur ar shlándáil na soláthairtí uisce agus ar an gcomhlíontacht leis na caighdeáin sláinte phoiblí agus na caighdeáin nua, a bhfuil súil leo in 2020.



Dramhaíl

I mí na Nollag, d'fhoilsigh an GCC staidéar Tréithrithe Náisiúnta faoin Dramhaíl, den chéad uair le deich mbliana anuas. Ag tabhairt léargas ar cad a chuireann úinéirí tí agus gnólaictaí isteach ina mboscaí bruscair, léirigh sé go bhfuil roinnt bruscair á chaitheamh amach sa dóigh mhícheart i gcónaí, ach go bhfuil feabhas mór tagtha ar chúrsaí. Tacóidh torthaí an staidéir le déanamh beartas maidir le bainistíocht dhramhaíola agus le forbairt bonneagar. Leagan sé béim ar thrí réimse ar gá díriú orthu sa todhchaí: plaisteach, dramhbhia agus ábhair aonúsáide.

Dheimhnigh athbhreithniú a rinne an GCC ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Dhramhaíl Ghuaiseach 2014-2020, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair, go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag Éirinn i mbainistíocht dramhaíola guaisí. Cuimsíonn na gníomhartha tosaíochta ar gá a ghlacadh roimh 2020 tuilleadh béime ar dhramhaíl ghuaiseach a chosc agus an bonneagar cuí a fhorbairt chun go mbeidh Éire in ann brath uirthi féin níos mó ó thaobh chóireáil agus bhainistíocht dramhaíola de. Uaillmhian ar leith atá sa Plean ná easpórtálacha a laghdú áit a mbíonn tionchar níos fearr aige sin ar an gcomhshaol má tá sé sin indéanta go teicniúil agus ó thaobh an gheilleagair de.

Geilleagar Ciorclach



Tacaíonn an Clár um Dhramhaíl a Chosc, faoi cheannaireacht GCC, le hiarrachtaí gnólaictaí, teaghlaigh agus earnálacha eile dramhaíl a chosc agus acmhainní a úsáid ar dhóigh níos éifeachtúla. Tacaíonn an Clár le haistriú Éireann chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin, geilleagar ina laghdófar dramhaíl agus ina gcoinneofar acmhainní laistigh den gheilleagar chun go n-úsáidfe arís agus arís iad.

I rith 2018, rinneadh athbhreithniú ar an gClár Náisiúnta um Dhramhaíl a Chosc chun bonn eolais a chur faoina chuid spriocanna don todhchaí. Déanfaidh struchtúr nua, arna ailíniú le Pacáiste Gheilleagar Chiorclach an AE, acmhainní a leithdháileadh ar mhaithe le ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt don éifeachtúlacht agus don gheilleagar ciorclach. Díreoidh sé isteach go háirithe ar réimsí an dramhaíl plaistigh, tógála & scartála agus dramhaíl bia.

In 2018, rinne an Clár infheistiú €1.8 milliún i dtionscnaimh a chuireann éifeachtúlacht acmhainní agus úsáid inbhuanaitheach acmhainní chun cinn in Éirinn. I measc na dtionscnamh bhí [Cosc ar Dhramhaíl Bia](#) agus [Feirmeoireacht Chliste](#). Léiríonn torthaí 2018 don tionscnamh [Feirmeoireacht Chliste](#), mar shampla, meánchoigiltis €7,170 thar 50 feirm a ghlac páirt ann agus laghdú de 9 faoin gcéad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an meán. I Meitheamh, d'fhógair an GCC clár maoinithe nua ar fiú €600,000 é chun saintacaíocht a thabhairt do nuálaithe sa gheilleagar ciorclach atá ag obair i réimsí amhail an cosc ar chur amú bia, an tógáil & scartáil, plaisteach agus an dearadh éiceolaíoch.

Tugann cinntí rialála GCC maidir le fotháirgí agus deireadh dramhaíola tacaíocht leanúnach do gheilleagar ciorclach na hÉireann.

IÚIL

Tuarascáil maidir le Clár Náisiúnta na hÉireann um Dhramhaíl a Chosc 2017

I dTreo Éireann atá Éifeachtúil ó Thaobh Acmhainní de: Tuarascáil Bhliantúil maidir le Clár Náisiúnta na hÉireann um Dhramhaíl a Chosc 2017



LÚNASA

Ócáid i mBaile Átha Cliath chun comóradh a dhéanamh ar 30 bliain den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, arna chomheagrú ag an GCC agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide & Comhshaoil



DTLL agus Ceallraí – gnóthaíonn GCC cumhachtaí breise chun dul i ngleic leis an neamh-chomhlíontacht



DEIREADH FÓMHAIR

SAMHAIN

Tionólaíonn an GCC réimse leathan páirtithe leasmhara don chomhdháil 'Moving Ireland into the New Plastics Economy'.

Tuarascáil maidir le Díriú ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha 2017



NOLLAIG

Staidéar Tréithrithe ar Dhramhaíl



Níor cheart go mbeadh os cionn 20% den ábhar sa bhosca bruscair (glas) athchúrsála ann

MEITHEAMH



www.epa.ie

Ceanncheathrú

Bosca PO 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire, Y35 W821

T +353 53 916 0600

F +353 53 916 0699

R info@epa.ie

LoCall 1890 33 55 99

Twitter: @EPAireland

www.youtube.com/user/epaireland



Gearáin Náisiúnta Chomhshaoil:

T: 1850 365121

Feidhmchlár: An bhfeiceann tú é?
Abair é?

